Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/3200

19.12.2024

**CINNEADH (AE) 2024/3200 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 5 Nollaig 2024**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 4 maidir le rialacha tionscnaimh a ghabhann leis a ionadú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), rinne an tAontas é a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 94/1/CEGC, CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) Le Prótacal 4 a ghabhann le Comhaontú LEE ('Prótacal 4'), sainmhínítear an coincheap 'táirgí tionscnaimh' agus leagtar síos modhanna comhair riaracháin. De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh an Comhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 92 de Chomhaontú LEE ('an Comhchoiste') a chinneadh Prótacal 4 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú.

(3) Ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige, nó trí mhalartú litreacha, tá an Comhchoiste le cinneadh a dhéanamh lena leasaítear Comhaontú LEE trí Phrótacal 4 a ionadú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh ón gComhchoiste.

(5) Rinne an tAontas an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012. Leagtar síos leis forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún ('na Páirtithe Conarthacha'), ar forálacha iad a mbeidh feidhm acu gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe déthaobhacha sin.

(6) Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ([3]) ('an leasú ar an gCoinbhinsiún').

(7) Tiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025 i ndáil le gach Páirtí Conarthach, na páirtithe i gComhaontú LEE san áireamh.

(8) Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go bhfuil gach Páirtí Conarthach le bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, tá an Comhchoiste le cinneadh a dhéanamh lena gcuirtear prótacal nua in ionad Phrótacal 4, lena n-áirítear tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún, ionas go mbeidh tagairt ann i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm. In éagmais na tagartha sin, ní áiritheofaí cur i bhfeidhm éifeachtach an leasaithe ar an gCoinbhinsiún agus, dá bhrí sin, chruthófaí cás ina gcinnfí tionscnamh LEE bunaithe ar rialacha tionscnaimh atá éagsúil leis na cinn a leagtar amach sa leasú ar an gCoinbhinsiún.

([1]) Cinneadh 94/1/CEGC, CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 13 Nollaig 1993 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch idir na Comhphobail Eorpacha, a mBallstáit agus Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise (IO L 1, 3.1.1994, lch. 1).

([2]) Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 3).

([3]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

(9) Mar aon le tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún a chur isteach, ba cheart forálacha Phrótacal 4 a bhaineann go sonrach le LEE, amhail na rialacha maidir le tionscnamh LEE, a choinneáil sa phrótacal nua, agus ba cheart na dearbhuithe comhpháirteacha, ar cheart iad a fhágáil gan athrú, a choinneáil freisin.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE') ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige, a mhéid a bhaineann le leasú ar Chomhaontú LEE trí phrótacal nua a chur in ionad Phrótacal 4 a ghabhann leis, lena n-áirítear tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2024

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY B.

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. … Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**an …**

**lena leasaítear an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch trí Phrótacal 4 a ghabhann leis a ionadú, is é sin an prótacal maidir le rialacha tionscnaimh**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá tagairt in Airteagal 9 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE') do Phrótacal 4 a ghabhann le Comhaontú LEE ('Prótacal 4'), lena leagtar síos na rialacha tionscnaimh.

(2) Is é is aidhm don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ([1]) ('an Coinbhinsiún') na córais dhéthaobhacha um rialacha tionscnaimh atá ann cheana agus a bunaíodh le comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha a tugadh i gcrích idir Páirtithe Conarthacha an Choinbhinsiúin, a thrasuí ionas go mbeidh na córais sin faoi chuimsiú creat iltaobhach, gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe déthaobhacha sin.

(3) Shínigh an tAontas, Prionsacht Lichtinstéin ('Lichtinstéin') agus Ríocht na hIorua ('an Iorua') an Coinbhinsiún an 15 Meitheamh 2011 agus shínigh an Íoslainn an Coinbhinsiún an 30 Meitheamh 2011.

(4) Rinne an Iorua, Lichtinstéin, an Íoslainn agus an tAontas a n-ionstraim ghlactha a thaisceadh le taiscí an Choinbhinsiúin an 9 Samhain 2011, an 28 Samhain 2011, an 12 Márta 2012 agus 26 Márta 2012, faoi seach. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 10(3) den Choinbhinsiún, tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012 i ndáil le Lichtinstéin agus leis an Iorua, agus an 1 Bealtaine 2012 i ndáil leis an Aontas agus leis an Íoslainn.

(5) Le Cinneadh Uimh. 1/95 ([2]), leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Phrótacal 4 maidir le Lichtinstéin.

(6) Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ([3]) ('an leasú ar an gCoinbhinsiún'). Tiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025 i ndáil le gach Páirtí Conarthach.

(7) Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart prótacal nua lena n-áirítear tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún a chur in ionad Phrótacal 4, ionas go mbeidh tagairt ann i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm.

(9) Mar aon le tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún a chur isteach, ba cheart forálacha sonracha Phrótacal 4 a bhaineann go sonrach le LEE, amhail na rialacha maidir le tionscnamh LEE, a choinneáil sa phrótacal nua, agus ba cheart na dearbhuithe comhpháirteacha, ar cheart iad a fhágáil gan athrú, a choinneáil freisin.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 4 a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann ón 1 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) IO AE L 54, 26.2.2013, lch. 4.

([2]) Cinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle LEE an 10 Márta 1995 maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch do Phrionsacht Lichtinstéin (IO CE L 86, 20.4.1995, lch. 58).

([3]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO AE L 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Airteagail 1 go 39, agus in ionad na nIarscríbhinní a ghabhann le Prótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú Lee’), agus in ionad na ndearbhuithe comhpháirteacha a bhaineann le Prótacal 4 a ghabhann le Comhaontú LEE.

*Airteagal 2*

Chun an Cinneadh seo a chur i bhfeidhm, féadfar cruthúnais tionscnaimh a eisiúint go cúlghabhálach i gcás onnmhairí arna ndéanamh idir an 1 Eanáir 2025 agus dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm a luaithe a thabharfar na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE (*).

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, a ghabhann le *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, ….

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*Rúnaithe*

*Chomhchoiste LEE*

(*) [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla].

*IARSCRÍBHINN*

'PRÓTACAL 4

MAIDIR LE RIALACHA TIONSCNAIMH

*Airteagal 1*

***Rialacha tionscnaimh***

1. Chun Comhaontú LEE a chur chun feidhme, beidh feidhm ag Foscríbhinn I agus ag na forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara ([1]) ("an Coinbhinsiún"), arna leasú go deireanach agus arna bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus ionchorpraítear leis seo iad i gComhaontú LEE agus déantar cuid de iad, *mutatis mutandis*.

2. Gach tagairt don "chomhaontú ábhartha" i bhFoscríbhinn I agus sna forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, déanfar na tagairtí sin a fhorléiriú mar thagairtí arb é Comhaontú LEE is ciall dóibh.

*Airteagal 2*

***Forálacha sonracha maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch***

1. Chun Comhaontú LEE a chur chun feidhme, measfar gur de thionscnamh LEE na táirgí seo a leanas:

(a) táirgí a fuarthas go hiomlán sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

(b) táirgí a fuarthas sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bhfuil ábhair iontu nach bhfuarthas go hiomlán ansin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach ar na hábhair sin sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Chun críche tionscnaimh LEE, measfar gur aon chríoch amháin iad críocha Pháirtithe Conarthacha Chomhaontú LEE a bhfuil feidhm ag an gComhaontú seo maidir leo.

2. D'ainneoin mhír 1, déanfar críoch Phrionsacht Lichtinstéin a eisiamh ó chríoch an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, chun tionscnamh na dtáirgí dá dtagraítear i dTáblaí I agus II de Phrótacal 3 a chinneadh agus ní mheasfar gur de thionscnamh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch iad ach amháin má fuarthas go hiomlán iad nó má rinneadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach orthu i gcríocha na bPáirtithe Conarthacha eile ([2]).

3. D'ainneoin an tsainmhínithe ar "críoch" i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, áirítear le "críoch" críoch talún, uiscí inmheánacha agus uiscí teorann Pháirtithe Conarthacha Chomhaontú LEE a bhfuil feidhm ag Comhaontú LEE maidir leo.

4. Chun na Rialacha seo a chur chun feidhme, ní bheidh Ceuta ná Melilla cumhdaithe leis an téarma "LEE". Chun Prótacal 49 a ghabhann le Comhaontú LEE a bhaineann le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag an bprótacal seo *mutatis mutandis* faoi réir na gcoinníollacha speisialta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

*Airteagal 3*

***Forálacha carntha breise***

1. Féadfaidh na Páirtithe Conarthacha teacht ar chomhaontú síneadh a chur le cur i bhfeidhm Airteagal 7(3) den Choinbhinsiún maidir le hallmhairiú táirgí a thagann faoi Chaibidlí 50 go 63.

2. I ndáil leis an oibleagáid an ráiteas dá dtagraítear in Airteagal 8(3) den Choinbhinsiún "CUMULATION APPLIED WITH (ainm na tíre/na dtíortha i mBéarla)" a chur ar an gcruthúnas tionscnaimh, comhaontaíonn Páirtithe Conarthacha Chomhaontú LEE an oibleagáid sin a tharscaoileadh.

([1]) IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.
([2]) IO L 86, 20.4.1995, lch. 58.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LEIS AN nGLACADH LE CRUTHÚNAIS TIONSCNAIMH ARNA n-EISIÚINT FAOI CHUIMSIÚ NA gCOMHAONTUITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7 DEN CHOINBHINSIÚN LE hAGHAIDH TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AN AONTAIS EORPAIGH, NA hÍOSLAINNE NÓ NA hIORUA

1. Cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint faoi chuimsiú na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 7 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara le haghaidh táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh, na hÍoslainne nó na hIorua, glacfar leo chun cóireáil fhabhrach taraife dá bhforáiltear i gComhaontú LEE a dheonú.

2. Measfar gur ábhair de thionscnamh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch iad na táirgí sin i gcás ina n-ionchorpraítear iad i dtáirge a fhaightear ansin. Ní bheidh sé riachtanach oibriú nó próiseáil leordhóthanach a bheith déanta ar na hábhair sin.

3. Thairis sin, a mhéid a chumhdaítear na táirgí sin le Comhaontú LEE, measfar gur de thionscnamh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch iad i gcás ina n-ath-onnmhairítear iad chuig Páirtí Conarthach eile de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE PRIONSACHT ANDÓRA

1. Glacfaidh an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua le táirgí de thionscnamh Phrionsacht Andóra a thagann faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe mar tháirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh de réir bhrí an Chomhaontaithe.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Prótacal 4 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí thuasluaite a shainiú.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE POBLACHT SAN MAIRÍNE

1. Glacfaidh an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua le táirgí de thionscnamh Phoblacht San Mairíne mar tháirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh de réir bhrí an Chomhaontaithe.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Prótacal 4 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí thuasluaite a shainiú.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE PÁIRTÍ CONARTHACH A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN gCOINBHINSIÚN RÉIGIÚNACH MAIDIR LE RIALACHA TIONSCNAIMH FABHRACHA UILE-EORA-MHEÁNMHARA

1. I gcás ina dtabharfaidh Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE fógra i scríbhinn do thaiscí an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ina luaitear go bhfuil sé beartaithe aige tarraingt siar as an gCoinbhinsiún de réir Airteagal 9 de, rachaidh an Páirtí Conarthach a bheidh ag tarraingt siar i mbun caibidlíochta láithreach le gach Páirtí Conarthach eile de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme.

2. Go dtí go dtiocfaidh rialacha tionscnaimh den sórt sin a d'aontófaí as an nua i bhfeidhm, na rialacha a áirítear i bhFoscríbhinn I agus, i gcás inarb iomchuí, na forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, ar rialacha agus forálacha iad is infheidhme tráth na tarraingthe siar, beidh feidhm *mutatis mutandis* acu idir an Páirtí Conarthach a bheidh ag tarraingt siar agus na Páirtithe Conarthacha eile de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Mar sin féin, ó thráth na tarraingthe siar, déanfar na rialacha tionscnaimh i bhFoscríbhinn I agus, i gcás inarb iomchuí, na forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a fhorléiriú sa chaoi nach gceadófar an carnadh déthaobhach ach amháin idir an Páirtí Conarthach a bheidh ag tarraingt siar agus na Páirtithe Conarthacha eile de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.'.